Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 31 Iúil 2023
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0288(COD)**

**12258/23**
**ADD 4**

**SOC 560**
**EMPL 393**
**CODEC 1461**
**STATIS 50**
**ECOFIN 812**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 28 Iúil 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2023) 266 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le staidreamh mhargadh saothair an Aontais Eorpaigh i dtaca le gnólachtaí, lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 530/1999 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 450/2003 agus Rialachán (CE) Uimh. 453/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2023) 266 final.

---

Faoi iamh: SWD(2023) 266 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.7.2023
SWD(2023) 266 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

*a ghabhann leis an doiciméad*

**Togra le haghaidh**

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le staidreamh mhargadh saothair an Aontais Eorpaigh i dtaca le gnólachtaí, lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 530/1999 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 450/2003 agus Rialachán (CE) Uimh. 453/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

{COM(2023) 459 final} - {SEC(2023) 295 final} - {SWD(2023) 265 final}

**Réamheolas agus cúlra**

Áirithíonn Eurostat, oifig staidrimh an Aontais Eorpaigh (AE), go dtáirgtear staidreamh Eorpach inchomparáide ardcháilíochta de réir na bprionsabal staidrimh a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 maidir le staidreamh Eorpach. Is iad na príomhúsáidí a bhaintear as an staidreamh Eorpach beartais an Aontais a cheapadh, a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh orthu, agus is iad institiúidí an Aontais, taighdeoirí, údaráis náisiúnta agus an pobal príomhúsáideoirí an staidrimh sin. Is é atá sa Chóras Staidrimh Eorpach an chomhpháirtíocht idir Eurostat agus na hinstitiúidí staidrimh náisiúnta (NSIanna) a oibríonn mar líonra. Is é ról Eurostat a bheith mar eiseamláir i staidreamh a chomhchuibhiú, i ndlúthchomhar leis na húdaráis staidrimh náisiúnta, a bhailíonn sonraí agus a thiomsaíonn staidreamh chun críocha náisiúnta agus chun críocha an Aontais.

Chun beartais agus gníomhaíochtaí a leagan amach agus a chur chun feidhme a rachaidh chun tairbhe do dhaonra an Aontais i réimsí inniúlachta an Aontais Eorpaigh, mar a leagtar síos in Airteagail 2 agus 3 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), tá staidreamh Eorpach iomlán, tráthúil, iontaofa, mionsonraithe, comhchuibhithe agus inchomparáide ag teastáil ó institiúidí an Aontais. Go háirithe, is foinse thábhachtach faisnéise iad staidreamh an mhargaidh saothair maidir le gnólachtaí chun beartais a cheapadh agus chun faireachán a dhéanamh orthu.

Is staidreamh oifigiúil é staidreamh an mhargaidh saothair Eorpaigh maidir le gnólachtaí (LMB) lena dtugtar tuairisc ar fheidhmiú gnólachtaí maidir le margaí saothair. Mar shampla, is féidir leis a thaispeáint má tá poist fholmha i gcuideachtaí (éileamh ar shaothar), cé mhéad post atá folamh i gcomparáid leo siúd atá gafa cheana féin agus na difríochtaí idir na poist, ag brath ar an gcineál gníomhaíochta eacnamaíochta fiontair. Ina theannta sin, soláthraíonn LMB faisnéis faoi na costais a íocann fostóirí as foireann a fhostú (costais saothair), ar an tslí a ndéantar na costais sin a struchtúrú (e.g. cad é an pá agus na costais eile) agus ar na difríochtaí eatarthu, ag brath ar an réigiún nó ar an ngníomhaíocht eacnamaíoch. Cuimsíonn siad freisin sonraí ar phá an duine aonair le haghaidh sampla ionadaíoch d'fhostaithe, mar aon lena dtréithe (e.g. aois, inscne, slí bheatha, leibhéal gnóthachtála oideachais) chomh maith leo siúd a bhfostóirí (gníomhaíocht eacnamaíoch, aicme méide etc.). I gcás fostóirí, is cuid shuntasach de chostais táirgthe é an pá agus socraíonn siad a n-iomaíochas ó thaobh costais de go pointe áirithe. I gcás fhormhór na bhfostaithe, is é an pá an phríomhchuid dá n-ioncam agus cuireann sé lena leas eacnamaíoch.

Cumhdaíonn LMB na bailiúcháin sonraí seo a leanas:

- staidreamh maidir le folúntais poist, ina dtaifeadtar líon na bpost gafa agus líon na bpost folamh;
- suirbhé ar chostais saothair maidir le leibhéal agus comhdhéanamh na gcostas saothair a íocann fiontair as lucht saothair a fhostú;
- innéacs na gcostas saothair, lena ngabhtar athruithe ar na costais saothair in aghaidh na huaire a íocann fiontair as lucht saothair a fhostú;
- an suirbhé ar struchtúr tuillimh ar thuillimh a íoctar le fostaithe aonair agus faisnéis faoina saintréithe socheacnamaíocha;
- an bhearna phá idir na hinscní, a thomhaiseann an difríocht choibhneasta idir meán-olltuilleamh in aghaidh na huaire a bhíonn ag fostaithe fireanna agus fostaithe baineanna agus a úsáideann an suirbhé ar struchtúr tuillimh mar phríomhfhoinse.

Is iad seo a leanas na gníomhartha dlíthiúla a rialaíonn LMB:

- Rialachán (CE) Uimh. 530/1999 ón gComhairle an 9 Márta 1999 maidir le **staidreamh struchtúrach ar thuilleamh agus ar chostais saothair** (IO L 63, 12.3.1999, lch. 6);
- Rialachán (CE) Uimh. 450/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Feabhra 2003 maidir le **hinnéacs na gcostas saothair** (IO L 69, 13.3.2003, lch. 1).
- Rialachán (CE) Uimh. 453/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2008 maidir le **staidreamh ráithiúil ar fholúntais sa Chomhphobal** (IO L 145, 4.6.2008, lch. 234).

**An fhadhb a shainiú**

Thángthas ar an gconclúid sa mheastóireacht gur éascaíodh leis an tsraith reachtaíochta maidir le LMB bailiú faisnéise ardcháilíochta a úsáidtear go forleathan chun na críche a beartaíodh, agus gur fheabhsaigh na Ballstáit comhlíonadh na reachtaíochta le himeacht ama. Baineann láidreachtaí an LMB lena gcáil sheanbhunaithe mar fhoinse faisnéise comhleanúnaí, éifeachtúla, inchomparáide agus cruinne, a úsáideann eagraíochtaí agus lucht ceaptha beartas go forleathan ar gach leibhéal. Le 10 - 20 bliain anuas tá an tábhacht a bhaineann le LMB tar éis fás go tapa mar thoradh ar fhorbairtí beartais i réimsí an chomhionannais, na ndálaí oibre agus na monatóireachta ar an aontas airgeadaíochta. Tá sonraí inchomparáide ar leibhéal an Aontais le haghaidh na mbeartas sin bunriachtanach agus cuireann siad breisluach soiléir ar fáil.

Mar sin féin, cuireadh i dtábhacht sa mheastóireacht freisin roinnt laigí in oiriúnú LMB do riachtanais, foinsí agus modhanna nua. Is í an chéad fhadhb leis an gcreat dlíthiúil atá ann cheana nach dtugann LMB aghaidh ar riachtanais, foinsí ná modhanna nua. Ní léiríonn an creat dlíthiúil na riachtanais úsáideoirí is déanaí agus níl sé solúbtha go leor chun aghaidh a thabhairt orthu siúd a thiocfaidh chun cinn amach anseo. Tá úsáideoirí ag lorg sonraí níos tráthúla, trí bhailiú agus scaoileadh sonraí níos minice (ag brath ar an gcineál LMB) agus/nó spriocdhátaí níos giorra maidir le tarchur agus scaipeadh. Leis na rialacháin LMB ní raibh sé i gceist go n-úsáidfí foinsí sonraí nuálacha toisc nach raibh siad ar fáil ag an am sin; dá bhrí sin, ní dhéantar tuairisciú ar cháilíocht staidrimh a choigeartú chun measúnú a dhéanamh ar cháilíocht na bhfoinsí sin a d'fhéadfaí a úsáid sa lá atá inniu ann. Treocht eile atá ag teacht chun cinn is ea sonraí riaracháin a úsáid. Tá níos mó úsáide á baint ag na Ballstáit as an bhfoinse sin, rud a chumasaíonn bailiú sonraí níos minice (e.g. go ráithiúil) agus cuireann sé ualach níos lú ar ghnólachtaí. Mar sin féin, níl an creat don tuairisciú cáilíochta sa reachtaíocht reatha LMB oiriúnach don chineál sin sonraí.

Ar an dara dul síos, ní ghabhann LMB gníomhaithe suntasacha de gheilleagar an Aontais, amhail micrifhiontair. Sainaithníodh an t-easnamh sin cheana féin nuair a glacadh na gníomhartha dlíthiúla. Tugadh aghaidh air ar bhealach difriúil (trí staidéir indéantachta a éileamh as a dtiocfaidh leasú ar an reachtaíocht nó trí thacaíocht airgeadais a sholáthar chun na cumais a theastaíonn a chruthú) ach níor réitíodh go leordhóthanach é i gcás roinnt bailiúchán sonraí. Dá bhrí sin, tá an fhaisnéis a bhailítear claonta i roinnt LMBanna, go háirithe mar gheall ar chumhdach neamhiomlán i gcás roinnt earnálacha den gheilleagar nó i gcás cineálacha micrifhiontair áirithe. Athraíonn an cás seo freisin, ag brath ar bhailiú sonraí agus ar fhorbairtí sna tíortha éagsúla. Mar thoradh air sin, ní féidir leas iomlán a bhaint as na sonraí a chuirtear ar fáil do Eurostat (e.g. ní féidir comhiomláin an Aontais a ríomh don gheilleagar iomlán, agus cuirtear bac ar chomparáidí tíre, maidir le struchtúr an tsuirbhé tuillimh mar shampla, toisc nár leathnaigh gach tír bailiú na sonraí chuig micrifhiontair). Mar gheall ar easpa oibleagáide dlíthiúla faisnéis a sholáthar maidir leis an mbearna phá idir na

hinscní bhí fadhb ann freisin tar éis don táscaire sin a bheith san áireamh san fhaireachán ar Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, ar sprioc 5 'Comhionannas Inscne' de Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe agus ar an straitéis maidir le comhionannas inscne. Tá roinnt Ballstát nár chuir aon sonraí bliantúla maidir leis an mbearna phá idir na hinscní ar fáil.

Ar an tríú dul síos, d'fhéadfaí cur le comhsheasmhacht LMB tríd an struchtúr dlíthiúil a shimpliú (téacs comhdhlúite amháin a chur in ionad na dtrí rialachán creata atá i bhfeidhm faoi láthair). D'fhéadfadh tagairtí córasacha do na coincheapa comhfhreagracha a úsáidtear i réimsí dlúthghaolmhara amhail na cuntais náisiúnta agus staidreamh gnó Eorpach dul chun tairbhe don gcreat dlíthiúil aontaithe seo. Ó glacadh an reachtaíocht LMB, rinneadh an reachtaíocht sa dá réimse a nuashonrú agus rinneadh athbhreithniú ar a modheolaíocht (Córas Eorpach na gcuntas 2010, Rialachán maidir le staidreamh gnó Eorpach a glacadh in 2019). Dá bhrí sin, is gá anois LMB a ailíniú chun comhsheasmhacht a thabhairt ar fud na réimsí agus soiléireacht a thabhairt d'úsáideoirí na reachtaíochta LMB, lena n-áirítear oifigí staidrimh na mBallstát.

Sainaithníodh sa mheastóireacht go leanfaidh na fadhbanna sin ar aghaidh agus d'fhéadfadh siad dul in olcas amach anseo mura ndéanfar gníomh reachtach.

**Cuspóirí**

Is é is cuspóir ginearálta don ghníomhaíocht staidreamh an mhargaidh saothair agus staidreamh gnó a tháirgeadh atá cothrom le dáta, ábhartha, cuimsitheach ó thaobh cumhdaigh ar mhór-earnálacha eacnamaíocha de, inchomparáide ar fud na mBallstát agus ar aon dul le réimsí staidrimh gaolmhara. Is féidir é seo a mhiondealú ina thrí chuspóir shonracha atá ailínithe leis na fadhbanna a leagtar amach thuas:

- an creat rialála a oiriúnú ionas go mbeidh solúbthacht ann maidir le freastal ar riachtanais atá ag teacht chun cinn, staidreamh níos tráthúla a fhoilsiú, agus úsáid foinsí agus modhanna nuálacha a chur chun cinn (a ndearnadh measúnú cuí ar a gcáilíocht);
- cumhdach an staidrimh a shíneadh chuig an ngeilleagar ar fad agus sonraí uileghabhálacha maidir leis an mbearna phá idir na hinscní a áirithiú;
- feabhas a chur ar an gcomhsheasmhacht le réimsí staidrimh gaolmhara.

**Roghanna beartais agus a dtionchar**

Chun roghanna beartais a fhorbairt, dhréachtaigh Eurostat liosta uileghabhálach de na bearta féideartha go léir a sainaithníodh le linn na hoibre ullmhúcháin leis na hinstitiúidí staidrimh náisiúnta, comhairliúchán poiblí agus comhairliúchán le páirtithe leasmhara maidir le gach bailiú sonraí. Rinneadh na bearta a chuachadh ansin ina gcreataí rialála nó i roghanna beartais.

Taispeánann Tábla 1 na roghanna a eascraíonn astu, a rangaítear de réir leibhéal uaillmhéine atá ag méadú. Is é **rogha 0** an cás bunlíne. I **rogha 1,** déantar na bailiúcháin sonraí a shonraítear sna trí rialachán atá ann cheana a chomhtháthú faoi aon chreat-rialachán amháin nua lena gcumhdaítear an bhearna phá idir na hinscní freisin. Tá sainmhínithe, coincheapa agus cineálacha cur chuige ar aon dul lena chéile, agus bunaítear pleanáil fhoriomlán chun tarchur sonraí a shioncrónú ar shlí níos fearr. Tá naisc láidre mhodheolaíochta ann idir: (i) an suirbhé ar struchtúr tuillimh agus an bhearna phá idir na hinscní; agus (ii) an tsuirbhéireacht ar chostais saothair agus innéacs na gcostas saothair. Ní thugann rogha 1 aghaidh, áfach, ar riachtanais atá ag teacht chun cinn, ar thráthúlacht na mbailiúchán sonraí ná ar a gcumhdach sa mhéid gur cheart aghaidh a thabhairt orthu sin go deonach sa rogha seo.

I **rogha 2**, síntear an cumhdach chuig micrifhiontair le haghaidh an tsuirbhé ar struchtúr tuillimh (príomhfhaisnéis); ní shíntear an suirbhé ar chostais saothair chuig na fiontair sin. Leathnaítear raon feidhme an dá shuirbhé sin chuig an chuid de NACE 'Riarachán poiblí agus cosaint; slándáil shóisialta éigeantach', agus cumhdaíonn staidreamh maidir le folúntais poist an geilleagar iomlán. Feabhsaítear tráthúlacht don innéacs costais saothair; tá feabhas beag tagtha uirthi (2 mhí níos lú) i gcás an tsuirbhé ar struchtúr tuillimh; níl aon fheabhsú tagtha ar thráthúlacht an tsuirbhé ar chostais saothair. Fanann minicíocht an dá shuirbhé mar atá sí sa bhunlíne. Tá bunús dlí a fhorbairt don bhearna phá idir na hinscní agus riachtanais atá ag teacht chun cinn a chumhdach mar chuid den rogha seo freisin. Áirithítear leis an rogha seo freisin tuairisciú cáilíochta níos fearr do na bailiúcháin sonraí uile agus comhchuibhiú agus pleanáil níos fearr tríd an gcreat-rialachán comhtháite.

Ar deireadh, téann **rogha 3** i ngleic go cuimsitheach leis an ngá atá leis an LMB uile a fheabhsú agus a chomhchuibhiú de réir mar a chuireann páirtithe leasmhara in iúl é. Áirítear leis na bearta beartais uile a sainaithníodh. Baineann na bearta seo le cumhdach, tráthúlacht agus ardmhinicíocht suirbhéanna ar struchtúr tuillimh agus ar na costais saothair, tuairisciú cáilíochta agus úsáid sonraí riaracháin agus foinsí nuálacha, ailíniú coincheapa ar fud réimsí LMB, bailiú sonraí faoin bhearna phá idir na hinscní a dhéanamh éigeantach agus riachtanais atá ag teacht chun cinn a chumhdach. Ciallaíonn sé sin go síntear cumhdach an dá shuirbhé chuig micrifhiontair agus chuig an chuid de NACE 'Riarachán poiblí agus cosaint; slándáil shóisialta éigeantach', agus cumhdaíonn staidreamh maidir le folúntais poist an geilleagar iomlán. Léiríonn tráthúlacht an tsuirbhé ar struchtúr tuillimh feabhas suntasach, agus léiríonn an suirbhé ar chostais saothair feabhas measartha. Sa rogha seo, baineann LMB leas as tuairisciú cáilíochta níos fearr agus as comhchuibhiú agus pleanáil níos fearr trí chreat-rialachán comhtháite amháin.

**Tábla 1: Roghanna 0 (bonnlíne), 1, 2 agus 3 faoi aon chreat–rialachán amháin nua – na príomhghnéithe agus na príomhdhifríochtaí**

| **Braisle beart** | **Rogha 0 (bonnlíne)** | **Rogha 1** | **Rogha 2** | **Rogha 3** |
|---|---|---|---|---|
| An bhearna phá idir na hinscní (bailiú sonraí bliantúla) | Níl | Éigeantach | Cur chun feidhme iomlán | Cur chun feidhme iomlán |
| Cumhdach | Níl | Deonach | Micrifhiontair sa suirbhé ar struchtúr tuillimh (príomhfhaisnéis amháin).<br>An earnáil phoiblí a chumhdaítear sa dá shuirbhé (struchtúr tuillimh agus costais saothair).<br>Cumhdach iomlán ar staidreamh maidir le folúntais poist. | Micrifhiontair sa dá shuirbhé – struchtúr tuillimh agus costais saothair (faisnéis iomlán).<br>An earnáil phoiblí a chumhdaítear sa dá shuirbhé (struchtúr tuillimh agus costais saothair).<br>Cumhdach iomlán ar staidreamh maidir le folúntais poist. |
| Tráthúlacht agus minicíocht | Níl | Deonach (tráthúlacht amháin) | Tháinig feabhas ar thráthúlacht go pointe áirithe (feabhas suntasach ar innéacs na gcostas saothair agus feabhas measartha ar an suirbhé ar struchtúr tuillimh).<br>Gan aon mhéadú ar mhinicíocht na suirbhéanna. | Tháinig feabhas ar thráthúlacht i gcás an innéacs costais saothair agus struchtúr tuillimh agus i gcás na suirbhéanna ar chostais saothair.<br><br>Déantar minicíocht an dá shuirbhé a dhúbailt. |
| Tuairisciú cáilíochta, | Níl | Deonach | Cur chun feidhme iomlán | Cur chun feidhme iomlán |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| úsáid sonraí riaracháin agus foinsí nuálacha | | (éigeantach don bhearna phá idir na hinscní, áfach) | | |
| Riachtanais atá ag teacht chun cinn | Níl | Deonach | Tá | Tá |

**Comparáid idir roghanna agus an rogha thosaíochta**

Rinneadh measúnú cáilíochtúil ar na ceithre rogha a roghnaíodh don mheasúnú tionchair. Rinneadh measúnú ann ar chomhréireacht, agus ar éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas ina dhiaidh sin. Cuirtear achoimre ar an measúnú seo i láthair i dTábla 2.

Maidir le costais, cruthaíonn rogha 3 méadú suntasach ar an ualach ar ghnólachtaí agus mar thoradh air sin tá méadú 88 % ar a gcostais ar suirbhéanna a fhreagairt. Mar thoradh ar rogha 2 tagann méadú 11 % ar an ualach ar ghnólachtaí. I rogha 3, tagann méadú 64 % ar chostais na dtiomsaitheoirí sonraí i gcomparáid le 12 % i rogha 2. Mar thoradh ar rogha 1 tagann méadú fánach ar an ualach agus ar na costais a thiteann ar ghnólachtaí agus ar institiúidí staidrimh náisiúnta.

| | Méadú ar chostais na NSIanna (in EUR) | Méadú % ar chostais iomlána na NSIanna |
|---|---|---|
| Rogha 1 | 215 000 | 1 % |
| Rogha 2 | 3 700 000 | 12 % |
| Rogha 3 | 19 300 000 | 64 % |

| | Méadú ar chostais na ngnólachtaí (in EUR) | Méadú % ar chostais iomlána na ngnólachtaí |
|---|---|---|
| Rogha 1 | 92 000 | 0.2 % |
| Rogha 2 | 4 700 000 | 11 % |
| Rogha 3 | 38 000 000 | 88 % |

Áirithítear comhréireacht leis na roghanna uile. Sainaithníodh Rogha 2 mar an rogha a thugann aghaidh ar riachtanais úsáideoirí sonraí agus soláthraithe sonraí ar an mbealach is éifeachtaí ó thaobh costais de. Cé gur mhaith le húsáideoirí sonraí togra níos uaillmhianaí fheiceáil amhail rogha 3, ba dheacair teacht ar chomhaontú maidir leis an rogha sin i bhfianaise a tionchair ar an ualach ar ghnólachtaí.

### Tábla 2: Conas a dhéantar comparáid idir na roghanna

| Measúnú | | Scór | | |
|---|---|---|---|---|
| | | Rogha 1 | Rogha 2 | Rogha 3 |
| Comhsheasmhacht le prionsabal na comhréireachta (pas/neamhchinnte/teip) | An dtéann an rogha thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí a bhaint amach go sásúil? | Pas | Pas | Pas |
| | An bhfuil raon feidhme na rogha teoranta do ghnéithe nach féidir leis na Ballstáit a bhaint amach go sásúil astu féin agus gur fearr is féidir leis an Aontas iad a dhéanamh? | Pas | Pas | Pas |
| | An bhfuil na costais ar an Aontas, ar rialtais náisiúnta, ar údaráis réigiúnacha agus áitiúla, ar ghnólachtaí agus ar an bpobal i gcomhréir le cuspóirí an tionscnaimh? | Pas | Pas | Éiginnte |
| | An bhfuil an cineál gníomhaíochta (rogha ionstraime) chomh simplí agus is féidir agus i gcomhréir leis gnóthú sásúil na cuspóra agus le forghníomhú éifeachtúil? | Pas | Pas | Pas |
| Éifeachtacht (-- go ++) | Cuspóir straitéiseach (CS) 1.1: An creat rialála a oiriúnú ionas go mbeidh solúbthacht ann maidir le freastal ar riachtanais atá ag teacht chun cinn | + | ++ | ++ |
| | CS 1.2: Staidreamh níos tráthúla a scaoileadh | + | + | ++ |
| | CS 1.3: Úsáid foinsí agus modhanna nuálacha a chur chun cinn (a ndearnadh measúnú cuí ar a gcáilíocht) | + | ++ | ++ |
| | CS 2: Cumhdach an staidrimh a shíneadh chuig an ngeilleagar ar fad agus sonraí uileghabhálacha maidir leis an mbearna phá idir na hinscní a áirithiú | + | + | ++ |
| | CS 3: Feabhas a chur ar an gcomhsheasmhacht le réimsí staidrimh gaolmhara | + | ++ | ++ |
| | Tionchar ar chearta bunúsacha, lena n-áirítear cur chun cinn an chomhionannais | + | + | ++ |
| | An tionchar sóisialta | + | ++ | ++ |
| | Spriocanna forbartha inbhuanaithe na NA | 0 | + | ++ |
| Comhleanúnachas le cuspóirí uileghabhálacha bheartas an Aontais (-- go ++) | Comhleanúnachas | - | + | + |
| Éifeachtúlacht (-- go ++) | Éifeachtúlacht | 0 | ++ | + |

**Faireachán agus meastóireacht**

Déanfar faireachán agus meastóireacht ar fheidhmíocht chreat nua LMB trí úsáid a bhaint as na cuspóirí oibríochtúla a leagtar amach faoi gach ceann de na cuspóirí sonracha. Chun sin a bhaint amach, dréachtaíodh 20 táscaire faireacháin agus sprioc shealadach. Tá sé beartaithe an chéad mheastóireacht lena dtugtar an chéim chur chun feidhme chun críche a dhéanamh laistigh de thréimhse 3 go 5 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an chreata dhlíthiúil nua. Tar éis an aistrithe chuig céim an chur i bhfeidhm, déanfar meastóireacht rialta ar fheidhmiú agus ar thionchar na reachtaíochta gach 3 go 5 bliana.